15. PRÓTACAL MAIDIR LE CÚRAIMÍ ÁIRITHE BHANC NÁISIÚNTA NA DANMHAIRGE

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO fadhbanna speisialta áirithe a bhaineann leis an Danmhairg a réiteach,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip:

Airteagal aonair

Ní dhéanfaidh Airteagal 14 den Phrótacal maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh difear do cheart Bhanc Náisiúnta na Danmhairge a chúraimí láithreacha a bhaineann leis na codanna sin den Danmhairg nach cuid den Aontas iad a chomhlíonadh.